Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

12522/22

SCH-EVAL 119
SCHENGEN 91
COMIX 446

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Timthriall Chomhairle Schengen, mí Aibreáin 2022 go dtí mí an Mhárta 2023 |

I mí an Mhárta 2022, thionóil Uachtaránacht na Fraince an chéad chruinniú de Chomhairle Schengen chun stiúradh polaitiúil limistéar Schengen a fheabhsú, agus chun an comhleanúnachas idir an stiúradh polaitiúil sin agus an leibhéal oibríochtúil a threisiú. Tionólfar Comhairle Schengen – Coiste Measctha ar leibhéal na n-airí – tráth a thagann an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile le chéile agus, más gá, i gcás géarchéime[1]. Bhí a céad chruinnithe aici an 3 Márta agus an 10 Meitheamh 2022.

An 10 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún 'tuarascáil 2022 maidir le Staid Schengen'[2] faoi bhráid na n-airí ag Comhairle Schengen maidir le torthaí Shásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen agus staid chur chun feidhme na moltaí. Ar an mbonn sin, sainaithnítear sa tuarascáil freisin réimsí tosaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann sna míonna atá le teacht. Cuireadh an tuarascáil i láthair mar aon le treoirlínte le haghaidh gníomhaíochtaí a d'ullmhaigh Uachtaránacht na Fraince maidir le deich réimse a bhféadfadh an Chomhairle díriú orthu sna míonna ina dhiaidh sin[3]. Ina theannta sin, leagtar amach sa tuarascáil ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2022 smaointe maidir le céard a d'fhéadfadh a bheith ina thimthriall bliantúil Schengen.

[1] 6234/22
[2] 9478/22
[3] 9802/22

Ar an mbonn sin agus ar aon dul leis an méid a cuireadh faoi bhráid Chomhairle Schengen an 3 Márta agus an 10 Meitheamh 2022, tá timthriall Chomhairle Schengen á mholadh ag an Uachtaránacht lena gcuirfear ar chumas na n-uachtaránachtaí comhleantacha ar an gComhairle an obair a phleanáil go héifeachtúil. Rinneadh an timthriall sin a thíolacadh, a phlé agus a chomhaontú ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Ábhair Schengen an 19 Iúil 2022. Ar an mbonn sin, cuireadh faoi bhráid mheithleacha earnála ábhartha na Comhairle é ina dhiaidh sin. Dearbhaíodh comhaontú ar an leibhéal sin ag an gcruinniú a bhí ag na Comhairleoirí Ceartais agus Gnóthaí Baile an 27 Meán Fómhair 2022.

I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe (Coreper) an méid a leanas a dhéanamh:

- a dhaingniú go n-aontaíonn sé le timthriall Chomhairle Schengen mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é; agus
- a mholadh don Chomhairle timthriall Chomhairle Schengen, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é, a fhormheas.

**IARSCRÍBHINN**

## TIMTHRIALL CHOMHAIRLE SCHENGEN, MÍ AIBREÁIN 2022 GO DTÍ MÍ AN MHÁRTA 2023

### [MEASTÓIREACHTAÍ SCHENGEN – MÍ EANÁIR GO DTÍ MÍ NA NOLLAG]

- Arna dhéanamh de bhun Rialachán Uimh. 1053/2013 ón gComhairle go dtí mí Eanáir 2023, agus de bhun an Rialacháin nua ón gComhairle maidir le sásra meastóireachta Schengen[4] amhail ó mhí Feabhra 2023.
- Leis na meastóireachtaí sin, is féidir leis na stáit lena mbaineann fíorú piaraí a dhéanamh ar chur chun feidhme fhorálacha acquis Schengen, i roinnt réimsí tábhachtacha amhail bainistiú teorainneacha seachtracha, comhar póilíneachta, an comhbheartas víosaí, Córas Faisnéise Schengen (SIS), an beartas um fhilleadh, agus cosaint sonraí. Is féidir leo easnaimh thromchúiseacha a nochtadh, ar easnaimh iad a éilíonn gníomhaíocht láithreach cheartaitheach.

### TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE MAIDIR LE STAID SCHENGEN – MÍ EANÁIR GO DTÍ MÍ AIBREÁIN

- Amhail ó 2023, tuarascáil a thíolacfaidh an Coimisiún de bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle. Le cur isteach 6 seachtaine ar a laghad roimh Chomhairle Schengen ionas go mbeifear in ann í a ullmhú, go háirithe sa Mheitheal um Ábhair Schengen.

### FÓRAM SCHENGEN – MÍ NA BEALTAINE

- Arna eagrú ag an gCoimisiún chun plé neamhfhoirmiúil idir na hinstitiúidí agus na gníomhaireachtaí Eorpacha agus na Ballstáit a éascú, go háirithe chun cur le pléití agus cinntí Chomhairle Schengen.

### COMHAIRLE SCHENGEN – MÍ AN MHEITHIMH

- Cuspóir: plé ar threoirlínte arna sainiú ag an Uachtaránacht ina leagtar amach na tosaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do thimthriall Chomhairle Schengen, ar bhonn faisnéise ó na meastóireachtaí atá sa tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún.

### COMHAIRLE SCHENGEN – MÍ DHEIREADH FÓMHAIR

- Baraiméadar[5] arna chur isteach ag an gCoimisiún 6 seachtaine ar a laghad roimh Chomhairle Schengen i mí Dheireadh Fómhair ionas go mbeifear in ann í a ullmhú, go háirithe sa Mheitheal um Ábhair Schengen.
- Cuspóir: scrúdú ar chur chun feidhme na dtosaíochtaí arna leagan amach ag Comhairle Schengen, bearta ceartaitheacha a shainaithint más gá.

---

[4] Rialachán 922/2022 ón gComhairle maidir le sásra meastóireachta agus faireacháin a bhunú agus a oibriú chun cur i bhfeidhm acquis Schengen (SEMM) a fhíorú, a ghlac an Chomhairle an 9 Meitheamh 2022.

[5] D'fhéadfaí minicíocht an bharaiméadair a choigeartú amach anseo, go háirithe ionas gur féidir éabhlóidí ábhartha a shainaithint, mar shampla gach sé mhí.

**COMHAIRLE SCHENGEN – MÍ NA NOLLAG**

- Baraiméadar arna chur isteach ag an gCoimisiún 6 seachtaine ar a laghad roimh Chomhairle Schengen i mí na Nollag ionas go mbeifear in ann í a ullmhú, go háirithe sa Mheitheal um Ábhair Schengen.
- Cuspóir: an Coimisiún chun an baraiméadar a thíolacadh, scrúdú ar chur chun feidhme na dtosaíochtaí arna leagan amach ag Comhairle Schengen, bearta ceartaitheacha a shainaithint más gá.

**COMHAIRLE SCHENGEN – MÍ AN MHÁRTA**

- Baraiméadar arna chur isteach ag an gCoimisiún 6 seachtaine ar a laghad roimh Chomhairle Schengen i mí an Mhárta ionas go mbeifear in ann í a ullmhú, go háirithe sa Mheitheal um Ábhair Schengen.
- Cuspóir: an Coimisiún chun an baraiméadar a thíolacadh; tuarascáil/conclúidí ón Uachtaránacht maidir le cur chun feidhme na dtosaíochtaí a leag Comhairle Schengen amach i mí an Mheithimh; deireadh a chur le timthriall Chomhairle Schengen.